

Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharráige

Instagram: @pleanteangachoisfharráige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharráige

29 DEIREADH FOMHAIR 2020



'OIREACHTAS 2020' AR TG4

Cé go bhfuil imeachtaí **Oireachtas 2020** ar ceal, beidh ceiliúradh ar leith ar bun ag aos óg na Gaeltachta. Tá sraith físeán réitithe ag **Tuismitheoirí na Gaeltachta**, i gcomhar le TG4, a bheas á chraoladh mar chuid den chlár '**Lár Stáitse**' ar TG4 ar an Aoine 30 DF ag 5.30i.n. '*An Chéad Ghlúin Eile*', teachtaireacht i bhfoirm filíochta a bheidh ann agus é mar aidhm aige misneach agus dóchas faoin saol a spreagadh sa gcéad ghlúin eile. Tá os cionn 50 duine páirteach ann idir páistí is déagóirí, gasúir as Conamara Theas ina measc. Beidh míreanna faoi leith á gcur i láthair ag aos óg na Gaeltachta agus á ggraoladh ar na meáin shóisialta. Coinnigh súil ar chuntais mheáin shóisialta **Tuismitheoirí na Gaeltachta & TG4** le na míreanna a fheiceáil.

CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Beidh **Club Leabhar Chois Fharráige** ag teacht le chéile ar an gCéadaoin 11 Samhain ar Zoom ag a 8i.n. le leanacht le plé ar ghearrscéalta as '*Rogha Scéalta*' le Liam Ó Flaithearta. Iarrtar ar rannpháirtithe cúpla scéal a léamh roimh ré. Cuirtear fáilte roimh bhaill nua i gcónaí. Níl le déanamh ach ríomhphost a sheoladh chuig clubleabharcf@gmail.com! Coinnigh súil ar chuntas Facebook an chlub chomh maith.

OIREACHTAS 2020 AR LÍNE

Ainmníodh **Máire-Bríd Ní Chualáin** as Ros a' Mhíl mar Réalta Óg na Bliana ag Gradaim Chumarsáide Oireachtas na Samhna '20. Ainmníodh **Adhmhaidin** mar Shraith Raidió na Bliana ag an ócáid chéanna. Is í **Gormfhlaith Ní Thuairisg**, as Indreabhán láithreoir an chláir sin. Comhghairdeachas leo beirt. Féadfaidh tusa tú féin páirt a ghlacadh i gceiliúradh an Oireachtais i mbliana, go fíorúil, dar ndóigh! Is féidir duine ar bith a ainmniú le hamhrán nó píosa ceoil a chasadh ach usáid a bhaint as an haischlib #OnaS2020 ar na meáin shóisialta. Bain taitneamh as!



AIRGEAD FLAG DO CHOIS FHARRAIGE

D'éirigh le dhá thionscadal i gCois Fharráige airgead a fháil le deireanaí faoi scéim deontais atá ag Bord Iascaigh do phobail chósta in Iarthar na hÉireann. Tá €5,200 le fáil ag **Ceardlann an Spidéil** le margaíocht ar líne a fhorbairt. Cuirfear €43,070 ar fáil do **Údarás na Gaeltachta** le Slí Chonamara a fhorbairt. Caithfear an t-airgead a úsáid le hobair a dhéanamh ar an mbealach coisithe cois cósta. Deascéal iontach don cheantar!

SEIMINEÁR AN OIREACHTAIS 2020

Reáchtáilfear **Seimineár an Oireachtais 20** ar an Satharn 31 DF, ar líne @ 3i.n. Labhróidh **Jack Chambers**, Príomhaoire agus Aire Stáit na Gaeltachta agus an Spóirt ar '**Dearcadh agus tacaíocht an Rialtais do na coláistí samhraidh Ghaeltachta**'. Pléifidh **Máire Denvir** ó Choláiste Chamuis agus CONCOS bagairt an choróinvírís agus bagairtí eile do choláistí samhraidh na Gaeltachta agus an bealach le teacht i dtír orthu. Beidh an **Dr. Niall Comer**, Uachtarán Chonradh na Gaeilge, ag plé cúrsaí staire agus tábhacht na gColáistí Samhraidh don Ghaeltacht. Is í **Máirín Ní Ghadhra** a bheidh mar chathaoirleach. Is féidir teacht ar an nasc don seimineár ar an suíomh idirlín seo a leanas:

www.cnag.ie/beo



GEARRSCÉALTA UÍ CHADHAIN

Leanfar leis an bplé ar Ghearrscéalta Mháirtín Uí Chadhain ar an Domhnach beag seo, 1 Samhain. *An Bhearna Mhíl*, faoi threoir Máire Ní Chualáin a bheas faoi chaibidil ag 7.30 i.n ar chóras Zúm. Ní mór clárú roimh ré, seol teachtaireacht chuig optchois fharráige@gmail.com le sin a dhéanamh.

EARRAÍ NA NOLLAG!

An bhfuil earraí ar nós bia, deochanna, bréagáin, cártaí nó bronntanais a bheadh feiliúnach don Nollaig á ndíol agat? Bhuel má tá, ba mhaith linne cúnadh a thabhairt do ghnóthaí áitiúla fógraíocht a dhéanamh! Má tá suim agat clárú linn, ba mhaith linn cloisteáil uait! Seol ríomhphost chugainn ag optchoisfharraige@gmail.com nó déan teagmháil linn @ 083 010 6294

Earraí na Nollag!

CEANGAL DOLEN

Is é #CeangalDolen II an dara teacht le chéile d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí atá ag obair in earnáil na hamharclannaíochta i nGaeilge, i nGàidhlig na hAlban agus i mBreatnais. Beidh comhdháil na bliana seo ar siúl idir 10-13 Samhain ar líne agus is féidir teacht uirthi go héasca ó do ríomhaire nó ó d'fhón póca leis an aip Whova. Ócáid saor in aisce atá ann ach caithfear d'áit a chur in áirithe. Clárú ar Whova: <https://ealain.ie/ceangal-dolen/>



COMÓRTAS OÍCHE SHAMHNA CHOIS FHARRAIGE

Tá pictiúir agus físeáin fós á ghlacadh don chomórtas Bob nó Beart Chois Fharraige. Seol pictiúir nó físeáin chugainn díot i do chulaith d'Oíche Shamhna ar WhatsApp go 083 010 6294 le deis duaiseanna iontach a bhuanach!



BREIS IS €7,000 DE DHUAISEANNA OIREACHTAIS

Bhí an-rath ar scríbhneoirí Chois Fharraige i gcomórtais liteartha an Oireachtais i mbliana. Thug Thadhg Mac Dhonnagáin príomhdhuais an úrscéil leis le 'Madame Lazare' mar a rinne Feargal Ó Béarra i gcás an ghearrscéil le "Buile". Bróna Ní Uallacháin agus Páid Ó Neachtain, a thug leo an chraobh d'fhicsean do dhaoine óga le 'A+' agus bronnadh duais ar Bhrian Ó Gibne do dhráma do dhaoine óga. Tá moladh ar leith tuillte ag Aifric Ní Scolaí as an Teach Mór buaiteoir sa gcomórtas faoi 21 as an scéal 'Gearr go mbeidh sé ina Shamhradh' agus ag Siobhán Ní Neachtain buaiteoir an chomórtais iriseoireachta faoi 21 as alt a scríobh sí faoin teideal 'Ardteist Chovid'. Comhghairdeachas - is fada linn go bhfoilseofar na saothair seo agus deis againn ar fad iad a léamh!



SUÍOMH IDIRLÍN NUA AG CAROLINE UÍ CHUALÁIN



Comhghairdeachas ollmhór le Caroline Uí Chualáin, ealaíontóir agus dearthóir de chuid Ealaín Iarthar na hÉireann a bhfuil suíomh gréasáin nua seolta aici. Cruthaíonn Caroline cártaí beannachtaí, priontaí mínealaíne, chomh maith lena saothar ealaíne uathúil féin. Is féidir breathnú ar a bailiúcháin iontacha agus táirgí a saothar a cheannach ar an suíomh idirlín ag: www.westirelandart.com Comhghairdeachas Caroline!



Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh i *Scéal, Scéal, Scéal*, is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie @ 083 010 6294 faoi!

DEASCÉALA AG FÍBÍN AGUS AG FUTA FATA

Tá Fíbín, an comhlacht drámaíochta agus físe atá lonnaithe i mBaile na hAbhann le €80,000 a fháil ón gComhairle Ealaíne faoin gclár a bhaineann le healaíocht a fhorbairt do dhaoine óga agus cúrsaí oideachais. Cuirfidh siad an dráma *An Triail* ar fáil ar líne do scoileanna iar-bhunoideachais ar fud na tíre. Le roinnt blianta anuas chuiridís an drama cáiliúil le Mairéad Ní Ghráda ar stáitse do dhaltá Ardteiste ach ní cheadaíonn srianta COVID dóibh sin dul ar chamchuairt i mbliana. Tugadh neart dea-scéalta do FUTA FATA i mBaile an Domhnalláin an tseachtain seo, freisin! Sna sála ar dhuais Reics Carló do AN FÉILEACÁN IS AN RÍ le Máire Zepfa fógraíodh le gairid, d'fhógair an Chomhairle Ealaíne go mbeidh €49,500 á chur ar fáil don chomhlacht le tacú leo lena gcuid tionscadail leabhair agus ábhar eile i nGaeilge a chur ar fáil do pháistí, agus duais Oireachtais do Thadhg Mac Dhonnagáin, úinéir an chomhlachta as a úrscéal *Madame Lazare*.